

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 2 Bealtaine, 2002

EALAÍN

OBAIR CHEARDAÍOCHTA

ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 9 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 – 12.00 IARNÓIN 2.00 – 4.30

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

TREORACHA

Léigh na treoracha seo a leanas, le do thoil, agus déan iad a chomhlíonadh.

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne, uirlisí agus ábhair dearaidh is gá, chun an scrúdú a chomhlánú.

(b) Is ceart an t-eolas seo a leanas a scríobh go soiléir ar gach uile bhileog líníochta:

* D'uimhir agus do leibhéal scrúdaithe.

* Ainm do rogha ceardaíochta.

* Uimhir na ceiste a roghnaigh tú.

(c) Tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na rudaí seo a leanas

* Bileog amháin A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Caithfidh sé seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide.

* Bileog amháin A2 de Réamhsceitsí agus iad aitheanta dá réir.

* Saothar amháin ceardaíochta críochnaithe. [Más rud é go bhfuil do shaothar ceardaíochta tríthoiseach is ceart é a chur ar an gclúdach Ceardaíochta dúnta.]

(1) Bileog amháin A2 de *Sceitsí Ullmhúcháin*. 0 marc.
Cúnamh don chuimhne é seo, a rinne tú i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú, agus a thug tú isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit féin. Caithfidh an bhileog a bheith sínithe agus dátaithe ag an Múinteoir Ealaíne/bPríomhoide, á dhearbhú gur leat féin amháin an obair, gan cúnamh ó aon duine. Féadfaidh rogha a bheith sna Sceitsí Ullmhúcháin de mhínte pearsanta agus de thuairimí a bhfuil taca taighde leo agus atá bunaithe ar an gceist roghnaithe. Is féidir nótaí a chur le gach líníocht/sceitse agus ba cheart go léireoidís conas a ceapadh na smaointe don saothar Ceardaíochta. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

(2) Bileog amháin A2 de *Réamhsceitsí*. 10 marc.
Caithfidh tú an Bhileog seo a chríochnú i gcaitheamh an scrúdaithe. Ba cheart go mbeadh forbairt shuntasach sa bhreis ar do chuid smaointe thar mar a bhí ar do bhileog Ullmhúcháin. Ba cheart go léireodh sí na cáilíochtaí físiúla agus feidhmiúla go léir den earra ceardaíochta 2D nó 3D atá beartaithe ar nós – Cruith, Uigeacht, Tomhas, Maisiúchán agus Bailchríoch. Déan do chuid oibre go léir ar aon taobh amháin den bhileog A2.

Ní bhronnfar marcanna ar bith ar chóip dhíreach den Bhileog Ullmhúcháin.

(3) *Saothar Ceardaíochta críochnaithe* 90 marc.
Déantar an saothar Ceardaíochta seo a chríochnú san am ceadaithe lá an scrúdaithe.

Iomlán 100 marc

Roghnaigh ceann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas

1. LEABHARCHEARDAÍOCHT

Dear agus déan fillteán do bhailiúchán fótafraf, nótaí agus gearrthán atá bailithe agat ar **Spóirt Eachracha** nó ar **Ailtireacht Sheirseach**

nó

Dear agus déan fillteán ar chruth mírialta chun eolas a choimeád ar **Thurais atá déanta agat**

nó

Dear agus déan fillteán chun eolas atá bailithe agat ar **Oidis d'fheoilséantóirí** a choimeád.

2. PEANNAIREACHT

Dear agus soláthraigh píosa peannaireachta agus leas á bhaint agat as iomlán nó as cuid de shliocht **(a)** nó de shliocht **(b)**. Féadfaidh tú do chuid oibre a dhéanamh ar mhodh traidisiúnta, agus leas a bhaint as litreoireacht agus íomhánna léiritheacha.

nó

Féadfaidh tú leas a bhaint as éagsúlacht dathanna agus teicnící uigeachta, litreoireacht ar mhéideanna éagsúla, colláis, nó leagan amach neamhchoitianta mar is cuí.

(a)

Fuinseog trí thine
gruaig do chinn
ag mealladh fuiseoige
le do ghlór binn
i bhféar glas,
is scata nóiníní
ag súgradh leat
is scata coiníní
ag damhsa leat
an lon dubh
is a órghob
mar sheoid leat
lasair choille
is a binneas
mar cheol leat.
Is cumhracht tusa,
is mil, is sú talún:
ceapann na beacha féin
gur bláth sa pháirc thú.

(b)

A hand wringing, small,
grey squirrel
plods along a wicker

treadmill that's attached
by an elaborate
system of levers

and cogs and cranks
and pulleys
and gears

and cams and cinches
and sprags and sprockets
and spindles

and tappets and trundles
and sprochetes
and winches

and the whole palaver
of rods
and ratchets

to a wicker
treadmill in which there
plods
a hand wringing, small,
grey squirrel

Paul Muldoon, courtesy of Faber and
Faber

3. PÓSTAER

Roghnaigh **ceann amháin** de na hábhair seo a leanas:

- (a) **Taispeántas Picasso**
- (b) **Fórsaí Inmheánacha**
- (c) **Snap-phictiúr ón am atá caite**
- (d) **‘Sin é mar a bhí, seo é mar atá’.**

Dear agus déan póstaer ina gcabhraíonn an íomhá, dath agus litreoireacht chun an teachtaireacht a mhíniú. Is féidir leas a bhaint as teicnící éagsúla. Is fearr litreoireacht phearsanaithe, tógtha de láimh, a úsáid.

nó

Iarrtar ort cárta margaíochta a dhearadh do cheann díobh seo a leanas:

- (e) **Cluiche ríomhaireachta**
- (f) **Tionscnamh margaíochta éisc in Ollmhargadh**
- (g) **Tionscnamh margaíochta éadaí spóirt d’fhir agus do mhná i Siopa Ilrannach.**

Is féidir leas a bhaint as teicnící agus cruthanna éagsúla. Is fearr litreoireacht phearsanaithe, tógtha de láimh a úsáid. Is é do rogha féin é, cruth, méid agus cineál an chárta margaíochta.

4. FÍODÓIREACTH

Dear agus figh píosa samplach éadaigh a bheadh oiriúnach do thionscal an fhaisin. Bunaigh do dhearadh ar dhathanna agus ar uigeachtaí **(a) Shaol na Mara nó (b) Thírdhreach an Fhómhair nó**

Dear agus figh taipéis bheag bunaithe ar cheann díobh seo a leanas:

- (c) **‘In umar na haimiléise’ (‘In the Soup’)**
- (d) **‘Liathróidí Ollmhóra Tine’**

Bain leas as snáthanna agus uigeachtaí éagsúla san inneach. Bain leas as éagsúlacht dathanna, cruthanna, pátrún agus uigeachtaí chun cur le héifeachtúlacht do dhearadh.

5. LÍONÓILGHEARRADH

Dear agus déan prionta líonóile bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas:

- (a) **‘Trácht i Sáinn’**
- (b) **‘Bí ag brionglóideach leat’**
- (c) **‘Aghaidh ar Aghaidh’**
- (d) **‘Éin ar Shreang’**

Ba cheart go mbeadh toisí 150mm x 220mm ar a laghad ag do phrionta críochnaithe.

Bain leas as dhá dhath priontáilte ar a laghad. Cuir san áireamh gur cuid thábhachtach de do dhearadh é dath an chúlra.

6. PUIPÉADACHT

Dear agus déan puipeád seasmhach, inoibríthe bunaithe ar cheann **amháin** de na carachtair seo a leanas:

- (a) **Aerchloigeann**
- (b) **‘Níor theastaigh uaim riamh bheith i mo pháintéir, theastaigh uaim bheith i mo thap-rinceoir’.** (*Andy Warhol, 1978*)
- (c) **Cearrbhach na gCártaí**
- (d) **An Vireas Ríomhaire.**

7. SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

- (a) **Foraoiseacha lasracha, Sráideanna Liathchorcra**
- (b) **Giotaí agus Blúirí**
- (c) **“Tríd an Lionsa”**

Is ceart a bheith cúramach le clárú na ndathanna agus forphriontáil.

8. TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE

Dear agus priontáil thart ar leathmhéadar d'ábhar gréasach "half-drop" le húsáid i seomra leapa páiste. Bunaigh do dhearadh ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas:

- (a) 'Fiúise, Gleorán, Feileastram'
- (b) 'An Cluiche'
- (c) 'Tóin thar Ceann'
- (d) 'Tranglam'.

Treisigh do dhearadh trí aird a thabhairt ar fhorphriontáil, nascthacht, sreabhadh agus gluaiseacht. Úsáid trí dhath ar a laghad le fhorphriontáil.

9. BAITÍC

Dear agus déan painéal bunaithe ar **cheann amháin** de na sleachta seo a leanas. Ba cheart do shaothar a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad i gcaitheamh an phróisis. Dá laghad den lámhphéinteáil dhíreach a dhéanann tú ar an bhfabraic is ea is fearr é.

<p>(a)</p> <p>Ní chodlann an eilit mhaol gan buaireadh fóna breaclaogh, is gé maith cead rabhraidh ann, maidin tsamhraidh ní chodlann.</p> <p>Beitheach céillidh an cú alla – ní thig ach 'na thaomanna; beiridh caoirigh leis fó chrann; i measc daoine ní chodlann.</p> <p>Ní chodlann an míol maighe biorach buadhach barrbhuidhe, is guth gadhair fóna cheann, a chois chladha ní chodlann.</p> <p>Ní chodlann an chorr ghréine tar éis a céidfhir chumainn; is mar sin d'fhear an éada – d'eagla a chéile ní chodlann.</p>	<p>(b)</p> <p>Tá creatlach an tseantí ag baint ceoil as an ghaoth; gan doras gan fuinneog gan sclátaí dín gach foscailt ina feadóg fhiáin ag gabháil fhoinn.</p> <p>Ó bhinn go binn tá an teach tréigthe éirithe ina shiansa stoirmspreagtha. Mo cheol thú, a sheantigh; a leithéid de phortaíocht ní chluiní choíche ó theach téagartha teaghlai lá gaoithe.</p> <p style="text-align: right;"><i>Cathal Ó Searcaigh</i></p>
---	---

10. CRIADÓIREACHT

Agus tú ag baint úsáide as pé teicnic is maith leat, dear, déan agus maisigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:

- (a) **coimeádán briosaí bunaithe ar 'Torthaí agus Cnónna'**
- (b) **dealbhóireacht bunaithe ar 'Síogaí Linbh' nó ar 'Éalú'**
- (c) **plaic don mbealach isteach i nGraí nó in Ospidéal Ainmhithe. Níor cheart go mbeadh aon litreoireacht ar an bplaic.**

NB: Ba cheart go mbeadh an saothar críochnaithe thart ar 30 cm sa toise is mó. **Caithfidh sé a bheith bácáilte.** Maisigh é le glónraí, le sleamhnáin, le hocsaídí etc. Is féidir ábhair chomhlántacha a chur leis ar ball. **Is ceart a bheith cúramach agus imill ghéara, chontúirteacha ar photaí glónraithe a sheachaint.**

11. BRÓIDNÉIREACTH

Dear agus déan bróidnéireacht ar cheann amháin díobh seo a leanas:

- (a) píosa **ealaine inchaite** le húsáid mar ornáid ar a muineál ag an mBanríon Méabh
- (b) **ornáid ghruaige** le haghaidh fheistias amharclainne de do rogha ré stairiúil
- (c) **bráisléad caradais** le tabhairt do bhuachaill/chailín nó do chara pinn.
- (d) **brat balla dar teideal 'Giolla na Leisce' nó 'Rinceoir Draíochtúil'**.
Bain úsáid as trí shnáth dhifriúla ar a laghad agus teicnící éagsúla eile. Moltar coirníní, ábhair bhreise agus éifeachtaí 3D a úsáid

12. SNOÍODÓIREACTH ADHMAID

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- (a) píosa snoíodóireachta a sheasann leis féin dar teideal (i) '**An tÉisteoir**' nó (ii) '**Áilleacht agus an Bhrúid**'
- (b) painéal rilífe bunaithe ar ailtireacht **Chlasaiceach nó Nua-aimseartha**.
Cruthaigh uigeacht agus pátrún i do chuid snoíodóireachta

13. MIOTALÓIREACTH

Bain úsáid as miotail agus cruain oiriúnacha chun plaic a dhearadh agus a dhéanamh chun ceann díobh seo a leanas a chomóradh

- (a) **Imirce agus Taisteal**
- (b) **'Bláthú go Baint an Fhómhair'**
- (c) **Tráth na Cinniúna**
- (d) **Bualadh le Chéile.**
- (e) Dear agus déan trinsiúr nó coimeádán do mheascán cnónna nó milseán le fágáil ag deasc fáilte óstáin
- (f) Dear agus déan leabharthacaí a sheasann leo féin, bunaithe ar **Bhéaloideas na hÉireann** nó ar **Fheirmeoireacht**.

14. MÚNLÓIREACTH

Freagair (a) nó (b) nó (c)

- (a) Dear agus déan mionsamhail de réir scála de leacht mhór phoiblí chun comóradh a dhéanamh ar
 - (i) do Rogha Ealaíontóra
 - nó (ii) Laoch nó banlaoch áitiúil
 - nó (iii) Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta atá le tionól in Éirinn i 2003.

Ba cheart go dtaispeánfadh do réamhsceitse scála do dheilbhe i gcomhréir le daoine, crainn agus foirgnimh. Ba cheart go dtaispeánfadh do chuid sceitsí freisin an cineál timpeallachta a shamhlaíonn tú le do dhealbh.

- (b) Dear agus múnlaigh plaic rilífe chruinn nó dhronuilleogach bunaithe ar cheann de na téamaí seo a leanas
 - (i) **Cloigne agus Próifílí**
 - (ii) **Radharc Neamhbheo Ciúbach**
- (c) Dear agus múnlaigh painéal atá le feistiú os cionn an dorais isteach i **mbloc árasán** nó i **dteach ceoldrámaíochta**. Ba cheart go mbeadh do dhearadh ag teacht le stíl ailtireachta do rogha foirgnimh. Taispeáin sna sceitsí stíl an fhoirgnimh agus an chaoi a dtagann do dhearadh léi.

NB: Ba cheart do mhúnlaí a bheith déanta as cré, nó as aon ábhar a thriomaíonn go tapa. Ba cheart múnlaí cré a theilgean nó a bhácáil, agus a ghlórnú más maith leat. Is féidir ábhair bhreise a chur leis.